# Droichead – Seicliosta don Mhúinteoir Oideachais Speisialta (MOS) - Iar-bhunscoil

## Sracfhéachaint

Ar theacht isteach don iar-bhunscoil, tá riachtanais oideachais roinnt scoláirí ar eolas agus doiciméadaithe cheana féin. Mar sin féin, i gcás scoláirí eile, d'fhéadfadh a gcuid riachtanas teacht chun solais le himeacht aimsire. Sna cásanna seo, d'fhéadfadh go raibh an scoláire ag fáil tacaíocht cheana sa leibhéal Tacaíocht do CHÁCH (idirghabhálacha príomhshrutha éifeachtacha), ach tháinig sé chun solais go bhfuil níos mó tacaíochta riachtanach ionas go mbeidh borradh faoin scoláire go hacadúil agus go sóisialta. Mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh idirghabhálacha agus bearta tacaíochta breise chun freastal ar a riachtanais foghlama ar leith. Tá sé tábhachtach go ndéantar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn an scoláire agus go ndéantar measúnú ar a chuid riachtanas, ionas gur féidir tacaíocht chuí a chur ar fáil go tráthúil agus go héifeachtúil.

(*NEPS,* ROS, 2010).

## Seicliosta um Fhaisnéis a Bhailiú

Sula bhfógrófar Tacaíocht do Roinnt Daltaí nó Tacaíocht do Bheagán Daltaí, tá sé tábhachtach go gcuireann an MOS leibhéal agus nádúr na tacaíocht ar fáil a léiríonn riachtanais foghlama ar leith de chuid an scoláire. Is féidir an seicliosta a leanas a úsáid chun faisnéis a bhailiú faoi fhoghlaim an scoláire.

| Leideanna | Tá/ Níl | Sonraí/Moltaí |
|---|---|---|
| An bhfuair an scoláire tacaíocht foghlama roimhe seo? | | |
| Ar thug an scoláire faoi mheasúnuithe foirmeálta? Cuimsítear le samplaí Tuarascáil Síceolaíochta Oideachais, Measúnú Labhartha Urlabhra agus Teanga, Measúnú Teiripe Saothair | | |


CC BY NC

| | | |
|---|---|---|
| Ar tugadh díolúine Ghaeilge don scoláire riamh? | | |
| An bhfuil rochtain ag na Scoláire ar Theicneolaíocht Oiriúnaitheach? | | |
| Ar cuireadh Pas Oideachais an scoláire ar aghaidh chuige aon duine eile? | | |
| An ndeachthas i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí? | | |
| Cérbh iad scóir scagthástála ionghabhála a bhí ag an scoláire e.g., CAT - 4? | | |
| Ar cuireadh measúnuithe diagnóiseacha i bhfeidhm? San áireamh leis na samplaí díobh tá WIAT for Teachers III, Woodcock Johnson IV, Diagnostic Reading Analysis (DRA) | | |
| Ar cuireadh measúnuithe neamhfhoirmeálta i bhfeidhm? San áireamh leis na samplaí díobh tá Breathnóireachta an Mhúinteora, Suirbhé Múinteoirí Ábhair, taifeadtaí reatha Léitheoireachta, Scrúdú Inniúlachta Matamaitice | | |
| Ar sainaithníodh na riachtanais foghlama is tábhachtaí? | | |

| Samplaí de Réimsí Riachtanais | |
|---|---|
| **Réimse Riachtanais** | **Samplaí de Dheacrachtaí Féideartha** |
| Litearthacht | Deacracht le líofacht léitheoireachta agus díchódú. |
| | Deacracht maidir le rudaí a thuiscint agus a achoimriú. |
| | Deacrachtaí maidir le litriú agus gramadach. |
| | Deacrachtaí chun meabhair a bhaint as teanga fháthchiallach, nathanna cainte, nó meafair. |

| | |
|---|---|
| | Deacrachtaí maidir le stíl agus tuin scríbhneoireachta. |
| | Deacracht maidir le breacadh nótaí, eagrúchán, nó scileanna staidéir. |
| | Deacracht treoracha scríofa nó tascanna scríofa a leanúint. |
| | Deacrachtaí faisnéis dhigiteach nó faisnéis amhairc a thuiscint. |
| Uimhearthacht | Deacrachtaí le hoibríochtaí bunúsacha matamaitice, fadhbfhuascailte, codáin, uimhreacha deachúlacha, céatadáin nó coincheapa bunúsacha ailgéabracha. |
| | Deacrachtaí maidir le bainistíocht ama. |
| | Deacrachtaí le haonaid tomhais agus coinbhéartú. |
| | Deacrachtaí le réasúnaíocht mhatamaitice nó tuiscint a fháil ar fhadhbanna focal. |
| | Deacrachtaí le graif nó cairteacha a léirmhíniú. |
| | Deacrachtaí dóchúlacht nó staitistic a thuiscint. |
| Sóisialta agus Mothúchánach | Deacrachtaí le mothúcháin, taghd, imní nó dúlagar a rialú. |
| | Deacrachtaí cairdeas a dhéanamh agus cairde a choinneáil, cumarsáid nó caidreamh a dhéanamh le daoine eile. |
| | Deacrachtaí le comhbhá, dearcthaí a ghlacadh, tuiscint a fháil ar noirm shóisialta agus leideanna sóisialta a fheiceáil. |
| | Deacrachtaí strus nó réiteach coinbhleachta a bhainistiú. |
| | Deacrachtaí le féinmheas, spreagadh nó muinín. |

| | |
|---|---|
| Iompraíocht | Deacrachtaí le féinrialúchán, aird nó hipirghníomhaíocht. |
| | Deacrachtaí díriú ar an tasc, tascanna a chur i gcrích, nó rialacha a leanúint. |
| | Deacrachtaí mothúcháin a rialú e.g..., fearg, frustrachas, nó taghd a bhainistiú. |
| | Deacrachtaí déileáil le hathruithe ar ghnáthamh nó aistrithe. |
| | Deacrachtaí ionchur céadfach a bhainistiú nó freagairt do spreagthaí céadfacha. |
| Fisiciúil | Deacrachtaí soghluaisteachta e.g., teastaíonn rochtain uaidh ar rampaí, ardaitheoirí, nó mionathruithe ar an timpeallacht fhisiciúil. |
| | Sa chás go bhfuil fadhb shláinte aige a fhágann go dteastaíonn tacaíocht leighis bhreise uaidh e.g. monatóireacht a dhéanamh ar a fhadhb nó garchabhair a chur ar fáil i gcás éigeandála. |
| | Sa chás go bhfuil míchumas fisiceach aige a fhágann go dteastaíonn trealamh oiriúnaitheach uaidh chun cuidiú leis tascanna a chur i gcrích nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí. |

**Cén chaoi chun Monatóireacht a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn**

Ní mór monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí chun a spriocanna a bhaint amach. Tá roinnt bealaí ann chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn amhail:

- Tástálacha caighdeánaithe
- Scrúduithe a dhearann an múinteoir
- Seicliostaí
- Samplaí den obair
- Breathnuithe an mhúinteora
- Tuarascálacha ó mhúinteoirí ábhair/ó chinn bhliana
- Taifead tinrimh
- Taifead iompair

- Cruinniú machnamhach leis an scoláire
- Cruinnithe le tuismitheoirí/caomhnóirí agus/nó le gníomhaireachtaí seachtracha
- Aiseolas ó atreoruithe a rinneadh chuig an bhFoireann Tréadchúraim.

(*NCSE*, 2017)

Is é *Ag Tacú le Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais* (CNOS, 2017) a chuireann treoraíocht ar fáil maidir leis an bpróiseas (lena mbaineann trí chéim) chun tacú leis an scoláire ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

Is é *an Leanúntas Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna – Treoirlínte do Mhúinteoirí* (NEPS, 2010) a chuireann forléargas cuimsitheach ar fáil maidir le riachtanais a shainaithint agus idirghabhálacha a fhorbairt agus a mheas chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chéanna ar aon dul leis an áit a bhfuil siad ar leanúntas ó éadrom go géar agus ó neamhbhuan go dtí leanúnach.

Sonraítear i g*Cuimsiú Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu - Treoirlínte Iar-Bhunscoile* (ROS, 2007) treoraíocht ar leith maidir le pleanáil ar leibhéal na scoile uile agus don scoláire aonair.

Cuirtear treoir ar fáil sna Treoirlínte maidir le *Próiseas an Phlean Oideachais don Duine Aonair* (CNOS, 2006) de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), treoir, maidir le dea-chleachtas chun pleananna oideachais atá saincheaptha don duine aonair a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú (CSPanna/CSPManna).

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS, 2010) *Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta Contanam Tacaíochta – Leanúntas Tacaíochta:* Cuirtear moltaí agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí sna *Treoirlínte do Mhúinteoirí* chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ag a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta.

**Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha**

| |
|---|
| https://asiam.ie/<br><br>http://downsyndrome.i/resources/<br><br>https://dyslexiaireland.ie<br><br>http://www.elsp.ie/<br><br>https://giftedireland.ie/irish-resources/<br><br>https://ilsa.ie/<br><br>https://www.middletownautism.com/<br><br>https://ncse.ie/teachers-post-primary<br><br>https://www.gov.ie/en/service/5ef45c-neps/ |